

Ábhar

Téacs Léitheoireachta

Aclaíocht

‘Nósanna Aclaíochta na nÉireannach athraithe go mór’.

Colm Mac Séalaigh

www.beo.ie

(Le caoinchead www.beo.ie).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Nósanna Aclaíochta na nÉireannach

Réamhobair

1. Beidh tú ag léamh ailt as www.beo.ie dar teideal ‘nósanna aclaíochta na nÉireannach athraithe go mór’. Féach féin agus an duine in aice leat ar theideal an ailt agus tugaigí buille faoi thuairim faoin méid, dar libh, a bheidh le rá ag an iriseoir.
2. Anois déan léamh an-tapa ar an alt – ná caith níos mó ná 60 soicind air. Cad é an ráiteas thíos is fearr a thabharfadh achoimre ar an alt?

Imrítear níos mó spóirt anois.

Imrítear níos lú spóirt anois.

3. Pléigh na ráitis seo leis an duine in aice leat (gan an t-alt a léamh). An dóigh libh go bhfuil siad fíor nó bréagach?
 - Imríonn níos mó Éireannach spóirt anois ná mar a rinne roimhe seo.
 - Tháinig méadú le blianta anuas ar an spóirt foirne seachas an aclaíocht aonarach.
 - Tá meath tagtha ar an méid daoine a imríonn cluichí Gaelacha.
 - Is í an bhuaic-aois maidir le rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt ná cúig bliana déag.
 - Tosaíonn cailíní ag glacadh páirte i gcúrsaí spóirt agus iad in aois níos óige ná mar a dhéanann buachaillí.
 - Is mó an méid spóirt a imríonn daoine i rith a saoil má tá oideachas orthu agus ioncam maith acu.

Léamh

1. Anois léigh an t-alt níos moille – an aidhm atá le do chuid léitheoireachta ná a fháil amach an bhfuil na ráitis thuas fíor nó bréagach. Ná gá duit aon eolas breise a lorg.
2. Seo cineálacha difriúla léitheoireachta. An féidir leat na téarmaí ar chlé a cheangal leis na samplaí ar dheis?

sruthléamh	Ag léamh úrscéil toisc go mbaineann tú taitneamh as.
sracléamh	Ag léamh ailt sa seomra ranga chun ceisteanna tuisceana a fhreagairt.
grinnléitheoireacht	Ag léamh nuachtáin chun na ceannlínte

	nuachta a fháil.
léitheoireacht leathan	Ag léamh nuachtáin chun a fháil amach cén t-am a bheidh cluiche peile ar siúl ar an teilifís.

Plé: Cén úsáid a bhaineann tú féin as na cineálacha difriúla léitheoireachta sa bhosca? Cén ceann is mó a bhíonn ag teastáil do do chúrsa? Cén tábhacht a bhaineann le forbairt scileanna éagsúla léitheoireachta? Cén cineál léitheoireachta a bhí ar siúl agat nuair a rinne tú an dá chleachtadh léitheoireachta thuas?

Stór Focal

1. Faigh an leagan Gaeilge de na frásaí thíos sa chéad cheithre alt sa slíocht. Ar dtús déan iarracht Gaeilge a chur orthu tú féin.

a report was published
to implement changes
the aims of the research
to gather information
to examine the implications
the source of the data

2. Tá roinnt mhaith samplaí den teanga a bhaineann le suirbhéanna agus taighde san alt seo. Déan do mhachnamh ar na frásaí thíos. An gceapann tú go bhfuil an teanga iontu ‘deacair’? Cén fáth? Anois faigh an leagan Gaeilge díobh san alt – tá siad go léir sna ceithre halt a bhfuil réiltín leo.

more Irish people play sport today than ever before
people under 30 play more sport than their parents’ generation
the biggest increase
mid sixties and the beginning of the eighties
the playing of team sports has increased less than individual sports
there is a decline
relative decline
the amount of people who play Gaelic games has greatly decreased
the amount of people who play other sport has greatly increased
most respondents who took part in the research
regularly
the peak age
gender-wise

Feasacht Teanga

*an cleachtadh seo le cur in oiriúint do riachtanais na mac léinn

An dtuigeann tú cad is brí leis na focail seo a leanas? Léirigh le samplaí.

ainmfhocal, ainm briathartha, réamhfhocal, réamhfhocal comhshuite

Pléigh leis an duine in aice leat cathain a bhaintear úsáid as an tuiseal ginideach. Tá leideanna sna focail thuas.

An bhfuil a fhios agat conas a d'aithneofá focal firinscneach agus baininscneach sa Ghaeilge? Bain úsáid as leabhar gramadaí chun treoir a thabhairt duit agus ansin déan iarracht a rá cé acu an bhfuil na focail thíos as an alt firinscneach nó baininscneach.

	Firinscneach	Baininscneach
sacar		
cispheil		
rugbaí		
aclaíocht		
spórtlann		
peil		
iománaíocht		
camógaíocht		
stát		
murtall		
míbhuntáiste		

Anois bunaithe ar an eolas sa tábla thuas cuir an t-alt 'an' roimh gach ceann de na focail.

<i>Sampla</i> úll	an t-úll
sacar	an
cispheil	an
rugbaí	an
aclaíocht	an
spórtlann	an

peil	an
iománaíocht	an
camógaíocht	an
stát	an
murtall	an
míbhuntáiste	an

Anois tabharfaidh tú an t-eolas seo céim eile ar aghaidh agus scríobhfaidh tú an tuiséal ginideach de na focail. Ná déan dearmad go bhfuil patrún an ghinidigh mar a bheadh scáthán ar an bpatrún sa tuiséal ainmneach.

an bhileog (+ barr)	barr na bileoige
an aclaíocht (+ cleachtadh)	
spórtlann (+ úsáid)	
peil (+ ó thaobh)	
iománaíocht (+ ó thaobh)	
camógaíocht (+ ó thaobh)	
an stát (+ polasaithe)	
murtall (+ fadhb)	
míbhuntáiste (+ tionchar)	

Anois féach ar na frásaí thíos. An dtuigeann tú cad atá ag tarlú ó thaobh na gramadaí? An bhféadfai an tuiséal ainmneach de na focail sa ghinideach a scríobh?

Sampla:

barr na bileoige	an bhileog
cleachtadh na haclaíochta	_____
úsáid na spórtlainne	_____
ó thaobh na peile	_____
ó thaobh na hiománaíochta	_____
ó thaobh na camógaíochta	_____
polasaithe an stáit	_____
fadhb an mhurtaill	_____
tionchar an mhíbhuntáiste	_____

Tascanna

Tráchtar san alt ar ‘an bia mícheart’. Déan féin agus an duine in aice leat plé ar cad atá i gceist leis seo, dar libh, agus déanaigí liosta de bhianna ‘míchearta’ agus de bhianna ‘cearta’.

Bí ag obair i ngrúpa. Tar éis an scéal a phlé eadraibh tagaigí ar chúig phointe a dhéanfadh achoimre ar alt dar teideal ‘Nósanna spóirt i measc mhic léinn an Choláiste seo’.

Plé

- An imríonn tusa aon spórt? Cén cineál?
- An dóigh leat go bhfuil Éireannaigh spórtúil mar dhaoine?
- An bhfuil ceangal idir nósanna bia agus aclaíocht, dar leat?
- An itheann mic léinn bia folláin, dar leat?
- An dóigh leat go bhfuil sé deacair bia folláin a ithe? An bhfuil bia folláin níos daoire ná bia nach bhfuil chomh folláin céanna?

Plé breise a d’fhéadfaí a dhéanamh le mic léinn B.Oid.

1. Tá difear mór idir meon na mbuachaillí agus na gcailíní i leith an spóirt.
2. Cuirtear go leor béime ar an spórt sa churaclam bunscoile.
3. Tá sé deacair grá don spórt a spreagadh i measc na bpáistí.
4. Tá tionchar mór ag aiste bia na bpáistí ar a gcumas spórt a imirt.
5. Cuirtear an iomarca béime ar an spórt foirne in Éirinn agus ní oireann sin do gach páiste.

Téacs

Foilsíodh tuarascáil ar nósanna aclaíochta na nÉireannach le gairid ina léirítear gur chóir do lucht déanta polasaithe spóirt athruithe a chur i bhfeidhm. Pléann Colm Mac Séalaigh an tuarascáil agus na hathruithe atá molta inti.

Níl ach dhá mhí imithe tharainn ó foilsíodh an tuarascáil is déanaí faoi chúrsaí spóirt in Éirinn. *Sporting Lives: An Analysis of A Lifetime of Irish Sport* is teideal don tuarascáil le Pete Lunn agus Richard Layte agus ba í an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a d'fhoilsigh í i gcomhar leis an gComhairle Spóirt.

Na haidhmeanna a bhí leis an taighde seo ná eolas a fháil ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar rannpháirtíocht na nÉireannach i spórt agus aclaíocht le roinnt blianta anuas agus faisnéis a bhailiú ar an gcaoi a n-athraíonn an rannpháirtíocht sin i rith shaol an duine – ó aois an pháiste go haois an duine fhásta. Aidhm eile a bhain léi ná scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí is cóir a bheith ag na torthaí ar pholasaí spóirt in Éirinn.

Ba é foinse na sonraí don tuarascáil ná taighde ar spórt agus ar aclaíocht a rinneadh ó 2003 amach. Is é an sainmhíniú ar “spórt” ar glacadh leis i gcomhthéacs an taighde ná gach cineál aclaíochta pearsanta – snámh, bogshodar, aclaíocht sa spórtlann agus cluichí foirne agus páirce, cuir i gcás.

*Imríonn níos mó Éireannach spórt agus déanann níos mó acu aclaíocht inniu ná riamh. Imríonn daoine fásta faoi bhun tríocha bliain d'aois níos mó spóirt ná mar a rinne glúin a dtuismitheoirí. Tháinig an méadú ba mhó faoi rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt idir lár na seascaidí agus tús na n-ochtoidí, agus ba é an réimse ar tháinig an borradh is mó faoi ná aclaíocht aonarach ar nós aeraclaíochta, snámha, bogshodair agus úsáid na spórtlainne.

*Ó thaobh na spóirt foirne de, tá méadú tagtha ar imirt sacair, cispheile agus rugbaí. Ach is lú an fás atá tagtha ar imirt na spóirt foirne ná mar atá tagtha ar chleachtadh na haclaíochta aonaraí. Tugann sé seo le fios go bhfuil aistriú leathan cultúrtha le sonrú ó thaobh cúrsaí spóirt i measc mhuintir na hÉireann.

*Maidir leis na cluichí Gaelacha, tá meath i gceist – níos mó ó thaobh na peile ná ó thaobh na hiománaíochta nó na camógaíochta de. Is meath coibhneasta é, áfach. Is é sin le rá nach bhfuil líon na ndaoine a imríonn cluichí Gaelacha laghdaithe go mór, ach is amhlaidh go bhfuil líon na ndaoine a imríonn spóirt eile méadaithe go mór.

*Maidir le haois, bhí formhór na bhfreagróirí a ghlac páirt sa taighde páirteach i spórt de shaghas éigin ar bhonn rialta faoin am a bhí siad dhá bhliain déag d'aois. Is í an bhuaic-aois maidir le rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt ná cúig bliana déag. Ina dhiaidh sin tá meathlú i gceist, ach is i gcomhthéacs na spóirt foirne den chuid is mó a tharlaíonn sé sin. Leanann daoine de chleachtadh na haclaíochta aonaraí i bhfad níos faide; ar feadh a saoil go minic. Ar bhonn inscne, is í an difríocht is mó atá i gceist ná go dtosaíonn buachaillí ag glacadh páirte i gcúrsaí spóirt agus iad in aois níos óige ná mar a dhéanann cailíní, ach seachas sin, níl aon difríocht eatarthu.

Ar bhonn sóisialta, is mó ar fad an méid spóirt a imríonn daoine i rith a saoil má tá oideachas orthu agus ioncam maith acu. Léirítear sa taighde go dtéann spóirt i bhfeidhm ar chúrsaí sláinte; is cosúil go mbíonn sláinte fhisiceach agus intinne níos fearr acu siúd a imríonn spóirt agus go bhfadaíonn aclaíocht a mbeatha.

Is í seo an cúigiú tuarascáil oifigiúil faoi chúrsaí spóirt ar tugadh fúithi in Éirinn agus pléitear impleachtaí na dtorthaí maidir le polasaithe spóirt na tíre inti.

Impleachtaí

1. Tá a lán eolais anois ar fáil de bharr taighde ar chúrsaí spóirt a rinneadh sa tréimhse 2003-2006. Léiríonn na figiúirí gur gá athruithe a dhéanamh ar pholasaithe spóirt an stáit agus béim níos mó a chur ar na spóirt aonarachacha seachas na spóirt foirne.

2. Ní bhaineann fadhb an mhurtaill in Éirinn le heaspa aclaíochta mar tá níos mó daoine ag imirt spóirt ná mar a bhí riamh. Tá cúiseanna eile leis an bhfadhb seo – an bia mícheart, cuir i gcás.

3. Is gá don Chlár Caipitil Spóirt a bheith ag féachaint le dáileadh níos cothroime a dhéanamh ar na hacmhainní spóirt. Mar shampla, faigheann na cluichí Gaelacha an tríú cuid de na deontais faoin scéim. (Moltar sa tuarascáil díograis CLG agus an obair dheonach a bhíonn ar siúl ag cuid mhór acu siúd atá páirteach ann ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne.)

4. Níl fás cothrom i gceist i gcúrsaí spóirt sa phobal. Ní mór do pholasaithe stáit freastal a dhéanamh ar an bpobal ina iomláine agus ní mór a chinntiú go mbíonn na deiseanna agus na háiseanna céanna ar fáil do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste agus atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé d’acmhainn acu íoc astu.

5. Ní mór do lucht déanta polasaithe spóirt deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann buachaillí agus cailíní an spreagadh agus na seansanna céanna le spóirt a imirt agus iad in aois óg agus ní mór rogha leathan spóirt éagsúil a chur ar fáil dóibh.

6. Is léir tionchar an mhíbhuntáiste ag aois an-óg. Is gá don pholasaí díriú ar ghasúir agus iad chomh hóg le cúig bliana d’aois maidir le roghanna spóirt a chur ar fáil dóibh, go mór mór sna haicmí íseal-ioncaim.

Tá spóirt an-tábhachtach ar a lán bealaí. Trí bheith páirteach i spóirt éigin, bíonn daoine níos sláintiúla go fisiceach agus go hintleachtach. Ar bhonn eacnamaíoch, ba cheart go dtuigfí gur infheistíocht chiallmhar don todhchaí a bheidh in aon airgead a chaithfear ar áiseanna agus ar sheirbhísí spóirt, go mór mór sna ceantair faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil cuid mhór de na daoine thíos le coiriúlacht, coireacht agus éadóchas.

Colm Mac Séalaigh, www.beo.ie